Léiríonn an méadú do 2009-2011 na geimhridh is fuair a bhí ann. D'ainneoin na dteochtaí ba lú a taifeadadh riamh do mhí na Nollag 2010, bhí an séasúr téimh ar an iomlán beagán níos teo. Murach na feabhsúcháin ar chúrsaí fuinnimh a rinneadh cheana féin, bheadh an úsáid níos mó. Léiríonn an úsáid reatha go bhfuil an tomhaltas ola ag filleadh i dtreo leibhéal 2008-2009.

Úsáid ar/Athrú go Gás Nádúrtha

Rinneadh an t-athrú go Gás Nádúrtha don Fhoirgneamh TF in Eanáir 2010. Agus iad bunaithe ar LPG a úsáid do thréimhse chomhchosúil idir Eanáir 2011 agus Nollaig 2011, tá na coigiltí níos mó ná 50k euro go dtí seo. D'úsáid IIBC 37 MWh de Ghás nádúrtha freisin i rith na tréimhse sin. Is foinse téimh amháin é seo don fhoirgneamh sin agus soláthraíonn Caidéil Teasa Talún an fuilleach.

12. Energy Usage Galway Mayo Institute of Technology Dublin Road Campus 2010-2011:

Overall GMIT has varied Energy Usage with supplies to differing Building types, including prefabs. Energy comes from the following Sources: Electricity 50%, Oil 32%, Natural Gas 13%, Propane for Heating 4%, Propane for Cooking 1%.

Overall Energy Usage has remained similar to previous year, however it is expected with warmer average weather conditions less energy will be consumed.

13. Weather Review

The winter of 2010/2011 saw one of the most severe cold weather periods on record. This period was described by Met Éireann as follows; Spells of exceptionally cold weather during December brought some of the lowest temperatures ever recorded in Ireland. Mean air temperatures for the month were up to six degrees lower than normal in places and it was the coldest December on record almost everywhere in Ireland.

This cold weather caused GMIT's Energy Usage to increase. This period saw an increase of all fuel types in order to maintain heat levels. The Oil usage increase can be observed in the figures below:

2008-2009	1716 MWh
2009-2010	2210 MWh—circa 30% increase
2010-2011	2141 MWh

The increases for 2009-2011 reflect the colder winters experienced. Despite the record low temperatures for December 2010 the overall heating season was marginally warmer. These high usages would have been greater without the many energy improvements already put in place. Current usage shows the Oil consumption returning back towards the 2008-2009 levels.

Natural Gas Usage/Changeover

Changeover to Natural Gas for the IT Building took place in January 2010. Based on using LPG for a similar period between January 2011 and December 2011 the savings from this change are in excess of 50 k euros, to date. The IIBC also used 37MWh of Natural gas during this period. This is one source of heating this building with the remainder being provided by Ground Heat Pumps.

It is also hoped to progress a project to change the 72/76 Boilers to Natural Gas to take place this summer to be ready for September 2012. From previous Oil Usage figures and at current prices it is hoped this could save over €80,000 each year.

Táthar ag súil freisin le tionscadal a chur chun cinn chun Coirí 72/76 a thiontú go Gás Nádúrtha sa samhradh chun bheith réidh do Mhéan Fómhair 2012. Bunaithe ar fhigiúir d'Úsáid Ola roimhe sin agus ar na praghsanna reatha, táthar ag súil go bhféadfaí breis is 80,000 euro a shábháil gach bliain. Faoi láthair táimid ag déanamh fiosrúcháin maidir le gach fearas LPG a thiontú go gás nádúrtha.

Úsáid Leictreachais

Tháinig méadú ar úsáid leictreachais ó 3,269 MWh go 3,466 MWh sa tréimhse Samhain 2010 go Deireadh Fómhair 2011. Tarlaíonn an chuid is mó de sin le linn mhíonna an tsamhraidh idir Bealtaine agus Nollaig.

Tá roinnt athruithe déanta againn a laghdóidh a thuilleadh ar thomhaltas leictreachais, e.g. Foirgneamh GMED Tech a thiontú go gás nádúrtha – 40 MWh, soilse an fhoirgnimh a athrú go leanúnach agus braiteoirí a shuiteáil.

Úsáid Uisce

Is acmhainn thábhachtach é uisce agus tá roinnt tionscadal suiteáilte againn chun a úsáid a laghdú ar fud an Choláiste:

- Suiteáil Chóras Aisghabhála Uisce Báistí i gceantar an Halla Gleacaíochta le córas cóireála ultraivialait chun freastal ar gach riachtanas uisce neamh-inólta
- Seomraí leithris a athrú go leanúnach go cnagsconnaí chun ídiú uisce a laghdú
- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an soláthar uisce chun gníomhú go beo ar phíobáin phléasctha agus sceití

Tháinig laghdú foriomlán ar úsáid uisce do 2011 de 3,371 m², rud a shábháil airgead do GMIT.

Feabhsúcháin i gCúrsaí Fuinnimh 2011

Le cois na bhfeabhsúcháin atá liostaithe cheana thuas, tá siad seo a leanas déanta:

- Tá tús curtha le triail le haghaidh Tiomántáin Dhá-Luas a fheistiú ar na príomhphíobáin téimh
- Tá athchúrsáil aeir suiteáilte sa lárionad TF chun teas a aisghabháil agus costais a laghdú ar an gcaoi sin

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe don Todhchaí

- Le cois na ngníomhaíochtaí a bhfuil tagairt dóibh cheana, tá beartaithe ag an Roinn Foirgneamh agus Eastát feabhsúcháin a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:
- Bainistiú Fuinnimh Chumhachta gach PC
- Feabhsúcháin ar fheidhmíocht theirmeach d'Fhabraic Fhoirgneamh
- Uasghrádú ar Théamh Uisce do Champas 72/76 agus méid an stórála a athrú

We are also currently investigating the conversion to Natural gas of all LPG appliances.

Electricity Usage

Electricity usage increased from 3,269 MWh to 3,466 MWh in the period November 2010 to October 2011.

The majority of this is over the summer months between May – December.

We have put in place a number of changeovers which will further reduce the consumption of electricity. Conversion to Natural Gas of GMED Tech Building – 40 MWh.

Continuing changeover of building lights and installation of sensors.

Water Usage

Water is an important resource and we have put in place a number of projects in order to conserve use throughout the College:

- Installation of Rainwater Recovery System to Gym area, with Ultra-Violet treatment system to feed all non-potable water requirements.
- Continuing changeover of toilet taps to percussion taps to reduce water wastage.
- Continuing monitoring of water supply to act swiftly on burst pipes and leaks.

Overall water usage for 2011 has decreased by 3,371 m³, saving GMIT money.

Energy Improvements 2011

In addition to improvements already listed above, the following have been undertaken;

- A trial has commenced for the fitting of Variable Speed Drives for the main heating pumps.
- Air handling air recycling has been put in place to IT centre to recover heat and by extension reduce costs

Actions Planned for the Future

In addition to actions already noted the Buildings and Estates Department intend carrying out improvements to the following areas;

- Power Energy Management of all PC's
- Improvements to thermal performance of the Building Fabric
- Upgrading of Water Heating to 72/76 Campus and resizing of storage

Tá Foirgnimh agus Eastáit ag iniúchadh feabhsúcháin sna réimsí seo a leanas:

- Laghdú ar úsáid an Fhuinneamh Teasa i bhFoirgneamh 2003 trí rialú agus monatóireacht níos fearr
- Uasghrádú ar Rialú Téimh i bhFoirgneamh 72/76
- Athúsáid Fuinneamh Teasa breise sna seomraí cumarsáide agus freastalaí TF
- Soilsiú níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de sna ceantair sheachtracha
- Grianfhuinneamh a úsáid do Théamh Uisce áit a mbíonn éileamh cuí
- Feabhsúcháin leanúnacha d'Fhabraic Fhoirgnimh
- Idirchaidreamh leis an Tionscadal E-Aware ar siúl/beartaithe chun monatóireacht a fheabhsú

Leabharlann

- Ceannaíodh Summon (Inneal Cuardaigh Cónasctha) chun eispéaras cuardaigh gan úim a chur ar fáil d'úsáideoir na Leabharlainne
- Tairseach r-burnal faoi lán seoil áit ar féidir iris ar bith a chuardach de réir teidil, de réir na bhfocal sa teideal nó ISSN gan riachtanas dul go dtí gach bunachar sonraí ar leith
- Leagan nua de bhogearraí EndNote suiteáilte
- Ranganna teagaisc ar líne dár dtairseach bunachair sonraí nua r-iris agus Euromonitor
- Cheannaigh an leabharlann bailiúchán leabhar ó Ebrary atá ar fáil ar líne 24/7 agus leis sin chuir circa 77,000 leabhar le bailiúchán na leabharlainne.

Bronntanas

- As a gcaoine, thug teaghlach Brian Walsh nach maireann bailiúchán den scoth de leabhair faoi chúrsaí fíona a bhí bailithe ag Brian thar na blianta. Corpraíodh an bailiúchán isteach go foirmiúil sa Leabharlann in Aibreán 2011.

Foghlaim ar Feadh an tSaoil

- Cuireadh tús leis an gcúrsa Six Sigma, ón B.Eng in Innealtóireacht Oibríochtaí, i bhFeabhra 2011. Fuair ochtó faoin gcéad díobh siúd a rinne measúnú GMIT (deich gcreidiúint) pas i scrúdú an American Society of Quality Green Belt a réachtáladh ag deireadh an chúrsa.
- D'ainneoin laghdú i gcoitinne ar an éileamh ar oideachas d'aoisigh ar bhonn páirtaimseartha atá ag cur as do gach soláthróir oideachais, choinnigh GMIT a sciar den mhargadh le haghaidh cúrsaí ábhair spéise ginearálta. Déirigh go maith le seacht gcúrsa d'ábhar spéise ginearálta nuair a tairgeadh i dtosach iad (e.g. Sínis do Thosaitheoirí, Feidhmchláir Android).

Buildings and Estates are looking into improvements in the following areas;

- Reduction of Heat Energy usage to 2003 Building by providing better control and monitoring.
- Upgrading of Heating Control to 72/76 Building
- Re-use of excess Heat Energy to IT comms and server rooms
- More energy effective Lighting to External areas
- Use of Solar Energy for Water Heating where appropriate demand
- Continuing Improvements to Building Fabric
- Liaison with E-Aware Project in place/planned to improve monitoring

Library:

- Summon purchased (federated search engine) to provide a seamless searching experience for the library user,
- E-Journal portal up and running where any journal can be searched by title, words in title or ISSN without having to go into each individual database.
- New version of EndNote software installed.
- Online tutorials for our new e-journal portal and Euromonitor database
- The library purchased a collection of ebooks from Ebrary that is available online 24/7 and has added circa 77,000 books to the library collection.

Donations:

- The family of the late Brian Walsh kindly donated an excellent collection of wine books that Brian had collected over the years. The collection was formally incorporated into the Library in April 2011.

Life-Long Learning:

- The Six Sigma course, from the B.Eng in Operations Engineering, commenced in February 2011. Eighty percent of those who sat the GMIT assessment (ten credits) also passed the American Society of Quality Green Belt exam which was held at the end of the course.
- Despite a fall-off in demand generally for adult education on a part-time basis, affecting all education providers, GMIT held its market share for general interest courses. Seven new general interest courses were successful when first offered (e.g. Chinese for Beginners, Android Applications).

Ciste Straitéiseach Nuálaíochta GMIT (SIFII) Foghlaim Neach Léinn-Treoraithe agus Athleasú Curaclaim

Torthaí Tionscadail 2011

Dhá shnáithe a bhí i gCiste Straitéiseach Nuálaíochta GMIT (SIFII): ‘Foghlaim Neach Léinn-Treoraithe’ i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus ‘Athleasú Curaclaim’ i gcomhar le NUI, Gaillimh. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2008 agus críoch leis in 2011. Thug an dá shnáithe deiseanna páirtíochta do na neacha léinn agus don fhoireann go mór mór i dtaca le foghlaim, teagasc agus athleasú curaclaim ag GMIT, AIT agus NUIG.

Rinneadh iarracht nár bheag roinnt clár nuálaíoch a chur ar bun a d’imir tionchar dearfach ar fhoireann agus ar neacha léinn agus a bhí ina spreagadh chun athraithe go háirithe maidir le conas a dhéanaimid cláir a dhearadh agus a chur i ngníomh agus conas a thacaímid le neacha léinn agus iad ag foghlaim (tá achoimre ar thorthaí agus aschuir an tionscadail i dTábla 1).

Ar chuspóirí an tionscadail bhí:

- i. Tacú le heispéaras na chéad bhliana trí ‘chlár foghlama piara-chuidithe’ a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- ii. Cláir agus modúil nua a dhearadh a ligeann do na neacha léinn tionchar a imirt ar a gcuid foghlama, cinnteoireachta san Institiúid agus ar na córais cháilíochta.
- iii. Scileanna inaistrithe a fhorbairt a chomhlánaíonn scileanna teicniúla trí mhodhanna foghlama malartacha a cheidiú.
- iv. Feabhas a chur ar raon na modheolaíochtaí measúnaithe a bhaineann le torthaí foghlama.
- v. Deiseanna a chur ar fáil chun scileanna teagaisc a fheabhsú.
- vi. Cur i ngníomh go leanúnach agus go hiomlán na mionsamhla modúlaí i gcomhthéacs an NQT agus athleasaithe curaclaim.
- vii. Forbairt leanúnach tuillimh chumasctha chun an tsolúbthacht a uasmhéadú go mór mór don neach léinn saotharbhunaithe.
- viii. Lárchóras modúil acadúil bainistithe a imreoidh tionchar ar conas a bhainistíonn an Institiúid cláir atá ann cheana féin agus cláir nua.
- ix. Caidreamh oibre a fheabhsú leis na comhpháirtithe AIT agus NUIG agus le coláistí tríú leibhéal eile ar fud na tíre.

GMIT Strategic Innovation Fund (SIFII). Student Led Learning and Curriculum Reform

Project Outputs 2011

The GMIT Strategic Innovation Fund (SIFII) project consisted of two strands: ‘Student Led Learning’ in collaboration with Athlone Institute of Technology and ‘Curriculum Reform’ in collaboration with NUI, Galway. The project commenced in 2008 and concluded in 2011 and both strands have provided opportunities for student and staff engagement particularly in relation to learning, teaching and curriculum reform at GMIT, AIT and NUIG.

Considerable effort was invested in setting up a number of innovative programmes which have had a positive impact on staff and students and has informed change particularly in relation to how we design and implement programmes and support students in their learning (see summary of project outputs and outcomes in Table 1).

The project objectives included:

- i. Support the first year experience through the development and rollout of a ‘peer assisted learning programme’.
- ii. Design new programmes and modules which give the students substantial influence on their learning, decision-making in the Institute and its quality systems.
- iii. Develop transferable skills, which complement technical skills by accrediting alternative modes of learning.
- iv. Improve the range of assessment methodologies linked to learning outcomes.
- v. Provide opportunities to enhance teaching skills.
- vi. The continued and full implementation of the modular model in the context of the NQF and curriculum reform.
- vii. The ongoing development of blended learning to maximise flexibility, especially for the work-based student.
- viii. Establish a central academic module manager system, which will impact how the Institute manages existing and new programmes.
- ix. Enhance working relationship with partners AIT and NUIG and other third level colleges nationwide.

Ar thorthaí an tionscadail bhí:

Torthaí Tionscadail	Tuairisc
1. Clár Foghlama Piara-chuidithe (PAL)	Seisiún staidéir aon uair an chloig amchláraithe ag tacú leis an aistriú céad bhliana go dtí an t-ardoideachas. Reáchtálann neacha léinn oilte ar a dtugtar ceannairí PAL ó na blianta sinsearacha na seisiúin staidéir. Tosaíodh ar an bpleanáil chlár i Meán Fómhair 2008 agus cuireadh tús in Eanáir 2009 leis an gclár PAL gan ach 3 chlár an ceann in GMIT agus AIT. Ó Mheán Fómhair 2010, d'fhás PAL go 18 gclár agus iad ag tacú le 800 de lucht na chéad bhliana agus oileadh 65 ceannaire. Ó Mheán Fómhair 2011, tairgeadh seisiúin PAL do 1800 neach léinn céad bhliana thar 30 clár in GMIT.
2. Modúil Ceannaireachta PAL	Modúl 5 chreidiúint ceannaireachta neacha léinn chun scileanna cumarsáide, idirbheartaíochta agus forbartha gairmiúla trí sheisiúin seachtainiúla PAL a éascú le neacha léinn céad bhliana.
3. Tionscadal Taighde Gníomhaíochta PAL	Tionscadal gníomhaíochta taighde trí bliana a rinne feidhmíocht fhorbairt an chlár PAL a mheasúnú ag an dá institiúid teicneolaíochta.
4. Modúil Foghlaim@3ú Leibhéal – Foghlaim conas Foghlaim	Modúl forbartha scileanna staidéir feadhinstiúide do lucht na chéad bhliana agus é á threorú ag léachtóirí i ngach disciplín.
5. Curaclam um Bainteacht leis an bPobal agus Sraith Straitéisí	Modúl nua 5 chreidiúint agus straitéisí foghlama a chuireann neacha léinn i ngleic le gníomhaíochtaí freagrachta agus dúshlánacha a bhaineann go hábhartha lena réimse disciplín le heagraíocht neamhbhrabúis. Tá an modúl seo bunaithe i dtrí scoil ar a n-áirítear Innealtóireacht, Óstán agus Gnó agus tháinig méadú ar rannpháirtíocht neach léinn de 100% in imeacht 12 mhí go díreach.
6. Oiliúint Ionadaithe Neacha Léinn agus Teastasú Institiúide	Forbairt clár nua GMIT oiliúna d'ionadaithe neacha léinn i gcomhpháirtíocht le hAontas na Neach Léinn. Tá an clár ceaptha le cabhrú le neacha léinn na scileanna a fhorbairt is gá chun an ionadaíocht is fearr a dhéanamh ag raon cruinnithe institiúide agus boird. Tá an clár seo faoi chomaoin ag clár rathúil dar teideal SPARKS atá bunaithe go maith i ngach ollscoil in Albain.
7. Bainisteoir Modúil Acadúil (Foghlaim Sholúbtha – Córas Bainistithe Eolais)	Modúl ar chóras bainistithe eolais chun an clár neacha léinn agus modúl eolais a bhainistiú níos éifeachtaí.
8. Aitheantas don Réamh-Fhoghlaim (RPL)	Feachtas réigiúin cur chun cinn RPL a fhorbairt dar teideal “Make Experience Count/Wish for More . . . ‘ Ar na huirlisí clár a forbraíodh bhí: Láithreán gréasáin tiomanta a rianaíonn conairí foghlama eispéiris agus creidiúnaithe; saoráid feidhmchlár punainn ar líne; agus bróisiúir/treoirleabhair.
9. Modúil Foghlama Solúbtha (tiontú an mhodúil atá ann cheana féin ina thairiscint ar líne)	Chuaigh i gcomhar le NUIG chun sraith seimineár a reáchtáil le foireann GMIT chun clár foghlama ar líne nó chumasctha a fhorbairt in GMIT. Ar na scoileanna a d'oibrigh i dtreo tairiscintí foghlama solúbtha a fhorbairt bhí: Scoil na hInnealtóireachta (modúil ar Chaidéil Teasa agus ar an Teach Éigniómhach); Scoil Óstáin (clár TMDP); Campas Leitir Fraic (modúl ar Chlár Troscáin) agus Scoil na hEolaíochta (modúl ar chlár BITHChóg).
10. Tionscadail chinnteoireachta Neacha Léinn	Rinne roinnt neach léinn de chuid GMIT thar an Institiúid raon tionscadal taighde ar a n-áirítear measúnuithe ar eispéiris na chéad bhliana, gníomhaíochtaí foghlama don modúl L2L agus feidhmchlár d'fhoghlaim ar líne. Cionroinneadh raon gradam SIF do neacha léinn leis na ‘tionscadail ab fhearr’ in 2011.

The project outputs included:

Project Outputs	Description
1. A Peer Assisted Learning (PAL) Programme	A timetabled one hour study session supporting first year's transition to higher education. The study sessions are run by trained students called PAL leaders from senior years. Programme planning commenced in September 2008 and in January 2009 the PAL programme started with just 3 programmes each in GMIT and AIT. From September 2010, GMIT grew PAL to 18 programmes supporting 800 1 st years and 65 leaders were trained. Since September 2011, 1800 1 st year students were offered PAL sessions across 30 programmes in GMIT.
2. PAL Leadership Module	A 5 credit student leadership module to develop communication, negotiation and professional development skills through the facilitation of weekly PAL sessions with first year students.
3. PAL Action Research Project	A three year action research project which evaluated the performance of the PAL programme development at two institutes of technology.
4. A Learning @ 3rd Level module – 'Learning to Learn'	An institute wide study skills development module for first years and led by lecturers in each discipline.
5. Civic Engagement Curriculum and Toolkit	A new 5 credit module and learning toolkit which engages students in responsible and challenging activities relevant to their discipline area with a non-profit organisation. This module is now established in the three schools including Engineering, Hotel and Business and student participation as increased by 100% in just 12 months.
6. A Student Representative Training and Institute Certification	Development of a new GMIT student representative training programme in partnership with the Students Union. The programme is designed to help students develop the skills they need so that they can best represent the student body at a range of institute and board meetings. This was informed by a successful programme titled SPARKS, which is well established in all Scottish Universities.
7. Academic Module Manager (Flexible Learning – Management Information System)	A module manager information system to manage student programme and module information more effectively.
8. Recognition of Prior Learning (RPL)	Development of an RPL regional promotional campaign titled 'Make Experience Count/Wish for More...' Programme tools developed include: A dedicated website outlining experiential and accredited learning pathways; an online portfolio application facility; and brochures/guidebooks.
9. Flexible Learning Modules (conversion of existing module into online offering)	Collaborated with NUIG on running a series of seminars with GMIT staff to promote the development of online or blended learning programmes in GMIT. Schools working towards developing flexible learning offerings include: the School of Engineering (Heat Pumps and Passive House modules); the Hotel School (TMDP programme); Letterfrack Campus (Furniture Programme module) and School of Science (Bio-pharma programme modules).
10. Student Decision Making Projects	A number of GMIT students across the institute have undertaken a range of research projects including first year learning experience evaluations, learning activities for the L2L module and applications for online learning. A range of SIF awards were allocated to students with the 'best projects' in 2011.

Torthaí Tionscadail	Tuairisc
11. Rannpháirtíocht i gComhdháil Foghlama & Teagaisc agus Tionscnaimh Fhorbartha Foirne	D'éagraigh an tionscadal SIFII agus thug tacaíocht do roinnt imeachtaí forbartha foghlama agus baill foirne inti agus trí institiúidí agus chumainn comhpháirtíochta ar a n-áirítear: Líonra Náisiúnta Foghlama; Siompóisiam PALnet; agus sraith ceardlanna ar: teicneolaíochtaí seomra ranga; teicnící measúnaithe; foghlaim phiarachuidithe; Mahara; teicneolaíochtaí Web 2.0; Moodle; úsáid fiseáin sa seomra ranga; anailís agus tuairiscíú SPSS; clicire sa seomra ranga; dearadh táirge a chur i bhfeidhm ar chleachtadh teagaisc; Foghlaim Fhadhb-bhunaithe (PBL); agus cuir chuige chruthaitheacha don fhoghlaim.
12. Suirbhé & Straitéis Forbartha ar Foghlaim, Theagasc & Phleanáil Measúnaithe	Straitéis nua foghlama, teagaisc agus measúnaithe GMIT a fhorbairt. Tá an straitéis ailínithe le Plean Straitéiseach na hInstitiúide “Do Áit - Do Dhán” agus corpraíonn sé cinntí ó chomhchomhairliúcháin athbhreithnithe lucht foirne agus neach léinn na hInstitiúide a rinneadh i Samhain/Nollaig 2009 agus Aibreán 2010. Tugann an straitéis sin bunús do Lárionad GMIT d’Fhorbairt Oideachais (OED) (atá le seoladh i Meán Fómhair 2012).
13. Cur i ngníomh Modúil LIN ‘Foghlaim Teicneolaíochta Fheabhsaithe’ (TEL)	Chomhoibrigh GMIT le IT Luimnigh, an IOTI agus LIN chun an modúl ar Foghlaim Fheabhsaithe Teicneolaíochta (TEL) a sheachadadh, (10 gcreidiúint, leibhéal 9) ar an láthair in GMIT do 20 ball foirne ó Eanáir-Meitheamh 2011. Tar éis tús rathúil a chur le mhodúil TEL déanfar breis modúl a sheachadadh in GMIT ionas gur féidir le baill foirne an Diplóma PG i bhfoghlaim agus teagasc a dhéanamh inti thar chonair sholúbtha.
14. Athbhreithnithe Cláir agus Institiúide	Chomhoibrigh le NUIG ar roinnt tionscnamh athleasaithe curaclaim chun tacú le hathbhreithnithe cláir agus leis an bpróiseas athbhreithnithe institiúide. Ba phríomhthionscnamh iad forbairt agus úsáid ‘Suirbhé ar Foghlaim, Theagasc, Mheasúnú agus ar Phleanáil’ (Suirbhé LTAP) don fhoireann go léir. Cuireadh an suirbhé ar siúl go céimneach in 2009-2010 in GMIT agus AIT. Is uirlis suirbhé an-mhuiníneach í toisc go bhfuil sí bunaithe ar an Suirbhé Earnála de chuid na hInstitiúide Taighde Ardoideachais (HER) a rinneadh i measc 300,000 ball foirne acadúil i mbreis is 1000 institiúid. Bhí mar aidhm ag Suirbhé LTAP GMIT eispéarais foghlama agus teagaisc, spriocanna straitéiseacha institiúide, agus dearcaí ar an ardoideachas in Éirinn a iniúchadh. Chothaigh na cinntí ón suirbhé sin an t-athbhreithniú institiúideach, an plean straitéiseach agus straitéis nua foghlama agus teagaisc do GMIT.
15. Seomraí Ranga & Teicneolaíocht Ghníomhach Foghlama	Rinne SIF infheistíocht i seomraí ranga nua gníomhacha chun bainteacht an neacha léinn a chur chun cinn, chun tacú le foghlaim fhiosrú-bhunaithe agus teicnící teagaisc cruthaitheacha sa seomra ranga. Ar na seomra ranga tá teicneolaíocht an chlár chliste, troscán inaistrithe den stíl ciorclach le haghaidh plé, vótáil/feistí clicire seomra ranga, ceamaraí Bloggie agus uirlisí teicneolaíochta seimineáir ar líne.

D’imir cur chuige neach léinn-láraithe na foirne tionscadail in GMIT, AIT agus NUIG agus a bpáirtíocht leanúnach i scothchleachtas i dtionscnaimh teagaisc agus foghlama tionchar ar fhorbairt thráthúil thoradh na dtionscadal SIFII go léir. Bhí ról ríthábhachtach freisin ag an tacaíocht ó na neacha léinn, na huachtaráin, na cláraitheoirí, lucht acadúil, seirbhísí neacha léinn, seirbhísí ríomhaire agus aontas na neach léinn i rath na dtionscadail.

Project Outputs	Description
11. Learning & Teaching Conference Participation and Staff Development Initiatives	The SIF II project organised and supported a number of learning and teaching staff development events in house and through partner institutes and associations including: LIN conferences; NAIRTL conferences; CELT, NUIG annual learning and teaching conferences; National Learning Network; PALnet Symposium; and a series of workshops in: classroom technologies; assessment techniques; peer assisted learning; Mahara; Web 2.0 technologies; Moodle, using video in the classroom; SPSS statistical analysis and reporting; clickers in the classroom; applying product design with teaching practice; Problem Based Learning (PBL); and creative approaches to learning.
12. Learning, Teaching & Assessment Planning Survey & Strategy Development	Development of a new GMIT learning, teaching and assessment strategy. The strategy is aligned to the Institute's Strategic Plan "Your Place – Your Future" and incorporates findings from staff and student institutional review consultations conducted in November/December 2009 and April 2010. This strategy forms the foundation of a new GMIT Centre for Educational Development CED (due to be launched in September 2012).
13. LIN Module rollout 'Technology Enhanced Learning' (TEL)	GMIT collaborated with Limerick IT, the IOTI and LIN to deliver the Technology Enhanced Learning (TEL) module (10 credits, level 9) onsite in GMIT to 20 staff from January-June 2011. Following the successful rollout of the TEL module further LIN modules will be delivered in GMIT so that staff can now undertake a PG Diploma in learning and teaching in house over a flexible pathway.
14. Programmatic and Institutional Reviews	Collaborated with NUIG on a number of curriculum reform initiatives to support the programmatic reviews and the institutional review process. A key initiative has been the development and deployment of a 'Learning, Teaching, Assessment and Planning Survey' (LTAP Survey) for all staff. This survey tool was rolled out in 2009-2010 in GMIT and AIT. The survey tool is highly reliable as it is based on the Higher Education Research Institute (HERI) Faculty Survey conducted among 300,000 academic staff in over 1000 institutions. The aim of the GMIT LTAP Survey was to investigate learning and teaching experiences, institute strategic goals, and views on higher education in Ireland. The findings from this survey fed into the institutional review, strategic plan and a new learning and teaching strategy for GMIT.
15. Active Learning Classrooms & Technology	SIF invested in new active learning classrooms to promote student engagement, support enquiry based learning and encourage creative teaching techniques in the classroom. The new rooms include smart board technology, moveable circle style discussion furniture, classroom voting/clicker devices, Bloggie camera devices and online seminar technology tools.

The student centred approach of the project team in GMIT, AIT and NUIG and their continuous engagement with best practice in teaching and learning initiatives has impacted on the timely development of all SIF II project outputs. Support from the students, presidents, registrars, academics, student services, computer services and the students union has also played a vital role in achieving the project successes.

Pearsanra 7

Personnel 7

31 Lúnasa 2010

Lánaimseartha	487
Páirtaimseartha	183.61

Iomlán 670.61

Catagóirí

Acadúil	363.34
Riarachán	143.01
Tacaíocht	148.26
Taighde	16

Iomlán 670.61

Inscne

Fireann	296.94
Baineann	373.67

Iomlán 670.61

31 August, 2011

Full-Time	
Part-Time	

Total

Categories

Academic	
Admin	
Support	
Research	

Total

Gender

Male	
Female	

Total

Leabhar Nua ar an Bhfiontraíocht le Bernard O'hara

D'fhoilsigh Gill and Macmillan leabhar nua dar teideal "Entrepreneurship in Ireland" a scríobh iar-Chláráitheoir Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT), Bernard O'Hara Uas.

Tá an leabhar dírithe ar neacha léinn na fiontraíochta in Institiúidí Teicneolaíochta agus in ollscoileanna chomh maith le daoine atá i mbun a ngnólachtaí féin a thionscnamh nó a bhainistiú. Déanann sé athbhreithniú ar an timpeallacht reatha fiontraíochta in Éirinn agus é dírithe ar an taighde, forbairt, nuálaíocht agus ar an 'ngeilleagar cliste', chomh maith le gníomhaireachtaí ábhartha Stáit. Míníonn sé coincheap na fiontraíochta agus iniúchann príomhfhoinsí smaointe gnó.


Tá caibidlí ann freisin ar na cineálacha éagsúla eagraíochtaí gnó, margáíocht, airgeadas, cánachas, feidhmíochtaí, soláthar foirne, tosú, fás, roghanna do chuideachtaí dóchmhainneacha, chomh maith le straitéisí éalaithe agus prionsabail na bainistíochta gnó.

Is iar-Cheann na Scoile Gnó agus Daonnachtaí é an tUasal O'Hara agus baint fhada aige le heagraíochtaí tionsclaíocha, tráchtála, gairmiúla agus cultúrtha in Iarthar na hÉireann. Bhí sé ina uachtarán ar Chumann Tráchtála agus Tionscail na Gaillimhe le linn a chomóradh dhá chéad in 1991/1992.

Scoil na hEolaíochta

Ghnóthaigh neacha léinn Mata & Ríomhaireachta de chuid GMIT trí ghradam san XNA Ireland Challenge, comórtas ríomhchlárúcháin cluichí urraithe ag Microsoft. Bhuaigh GMIT gradaim don "Best Xbox 360 Game", "Best in Original Audio Music" agus "Best Multiplayer Game".

Buaiteoirí XNA Mata & Ríomhaireachta: Neacha léinn mata & ríomhaireachta GMIT a bhuaigh gradaim ag Fleadh na gCluichí i dTiobraid Árann: C-d: Laize Wang, Cathair na Gaillimhe, Helen Roberts, Co. Mhaigh Eo, agus Yuxian Chen, Cathair na Gaillimhe, Michael Meagher, Bainisteoir Imeachtaí Acadúla Microsoft, Daniel O Meara, Tiobraid Árann, Cathal Tummon, Gaillimh, agus David O Connor, Gaillimh.



GMIT maths & computing students who won awards at the Games Fleadh in Tipperary: l-r: Laize Wang, Galway city, Helen Roberts, Co Mayo, and Yuxian Chen, Galway city, Michael Meagher, Microsoft Academic Engagements Manager, Daniel O Meara, Tipperary, Cathal Tummon, Galway, and David O Connor, Galway.

New Book on Entrepreneurship by Bernard O'hara

A new book entitled *Entrepreneurship in Ireland* written by the former Registrar of Galway-Mayo Institute of Technology (GMIT), Mr Bernard O'Hara, has been published by Gill and Macmillan.

The book is aimed at students of entrepreneurship in Institutes of Technology and universities as well as people starting and managing their own businesses. It reviews the current enterprise environment in Ireland, focusing on research, development, innovation and the 'smart economy', as well as relevant State agencies. It explains the concept of entrepreneurship and explores the main sources of business ideas.

There are also chapters on various types of business organisations, marketing, finance, taxation, operations, staffing, start-up, growth, options for insolvent companies, as well as exit strategies and the principles of business management.

Mr O'Hara is a former Head of the School of Business and Humanities at GMIT and has a long record of involvement with industrial, commercial, professional and cultural organisations in the West of Ireland. He served as president of Galway Chamber Of Commerce and Industry during its bicentennial in 1991/1992.

School of Science

Maths & Computing students from GMIT won three awards in the XNA Ireland Challenge, a Microsoft sponsored games programming competition. GMIT took home awards for "Best Xbox 360 Game", "Best in Original Audio Music" and "Best Multiplayer Game".

Campas Chaisleán an Bharraigh

Éachtaí na Foirne

- Bhí Andrew Beatty, léachtóir ag Campas GMIT Chaisleán an Bharraigh, ina Chathaoirleach ar an gcoiste a d’eagraigh Féile Ealaíne Chathair na Mart ar éirigh go maith léi (1 go 10 Deireadh Fómhair 2010).
- D’fhreastail Sharon Boyle, léachtóir ón gClár Tacaíochta Teicneolaíochta Faisnéise GMIT Chaisleán an Bharraigh ar chúrsa 6 lá ar “Úsáid Físeáin chun Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil” in Leuven na Beilge. Réachtáladh an cúrsa le maoiniú ATiT a chuir Léargas ar fáil faoin gClár Gruntvig. Bhí oideachasóirí i láthair ar an gcúrsa ó: an Iodáil, an Spáinn, an tSualainn, an Rómáin, an Fhrainc, an Ísiltír, an Chréit, an Eastóin; agus bhí triúr i láthair as Éirinn.
- Rinne an Dr Deirdre Garvey, léachtóir i nGnó agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil ag Campas GMIT Chaisleán an Bharraigh, ceardlann Forbartha Ceann Scríbe de chuid Fáilte Éireann i gCathair na Mart ar 9 Samhain 2010 ar son GMIT. Is ceantar tosaíochta é sin d’infheistíocht agus tacaíocht ó Fháilte Éireann. As cuid mhaith earnálacha de thionscal na turasoíreachta a tháinig an grúpa. Is é cuspóir an ghrúpa stiúrtha ná aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le oiliúint scileanna, forbairt táirge, margáíocht agus an nuálaíocht.
- I mí Feabhra 2011, ceapadh an Dr Deirdre Garvey, Comhordaitheoir ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil ag Campas GMIT Chaisleán an Bharraigh, do Bhord Feidhmeannach Chomhairle an Iarthair. Aibhsíonn agus cruthaíonn Comhairle an Iarthair feasacht maidir leis na príomh-cheisteanna sóisialta agus eacnamaíochta a chuireann isteach ar fhorbairt sna contaetha Dún na nGall, Liatroim, Roscomáin, Maigh Eo, Gaillimh agus an Clár.
- Chuir John Gately ón Roinn Altranais & Eolaíochtaí Sláinte, campas Chaisleán an Bharraigh, páipéar i láthair ag Comhdháil Idirnáisiúnta Altranais & Cnáimhseachais NUIG ar 5 Aibreán dar teideal ‘From the Lunatic Asylum to the West Wing’. Thug an páipéar forbhreathnú ar stair an fhoirgnimh ina bhfuil GMIT Chaisleán an Bharraigh sa lá inniu ach a bhí ina Ospidéal Síciatrach Naomh Muire ó 1866 go 2006.
- Tugadh cuireadh do Stephen Hannon, léachtóir ón gClár Oideachais Allamuigh de chuid GMIT Chaisleán an Bharraigh a bheith ina aoiléachtóir in Eanáir ar “Cultural Dimensions of Experiential Education – an Irish Approach” in Ollscoil Marburg sa Ghearmáin. Is cuid é an léacht seo de Mhodúl Diminsin Chultúrtha agus cuid de chéim Máistir in Oideachas Eachtraíochta agus Eispéarsaigh a thugtar in Marburg.

Castlebar Campus

Staff Achievements

- Andrew Beatty, lecturer at GMIT Castlebar Campus, Chaired the committee organising the very successful Westport Arts Festival (1st to 10 October 2010).
- Sharon Boyle, lecturer from the GMIT Castlebar Information Technology Support Programme attended a 6 day course on “Using Video to Support Lifelong Learning” in Leuven, Belgium. The course is run by ATiT. Funding was provided by Leargas under the Gruntvig Programme. The course was attended by educators from Italy, Spain, Sweden, Romania, France, Netherlands, Crete, Estonia and three people from Ireland.
- Dr Deirdre Garvey, lecturer in Business and Head of Lifelong Learning at GMIT Castlebar Campus, attended the Fáilte Ireland Destination Development workshop in Westport 9th November 2010 on behalf of GMIT. This area is priority area for Fáilte for investment and support. The group was drawn from many sectors of the tourism industry. The objective of the steering group is to address the challenges in skill training, product development, marketing and innovation.
- In February 2011, Dr Deirdre Garvey, Lifelong Learning Co-ordinator at GMIT Castlebar Campus, was appointed to the Executive Board of Council for the West. The Council for the West highlights and creates awareness of the major social and economic issues affecting development in the counties of Donegal, Leitrim, Sligo, Roscommon, Mayo, Galway and Clare.
- John Gately from the Department of Nursing & Health Sciences, Castlebar campus presented a paper at the NUIG International Nursing & Midwifery Conference on 5th April titled ‘From the Lunatic Asylum to the West Wing’. The paper presented an overview of the history of the building that today accommodates GMIT Castlebar but formerly served as St. Mary’s Psychiatric Hospital from 1866 to 2006.
- Stephen Hannon, lecturer from the GMIT Castlebar Outdoor Education Programme was invited to guest lecture in January on “Cultural Dimensions of Experiential Education – an Irish approach” in the University of Marburg, Germany. This lecture forms part of a Cultural Dimensions Module and is part of a Masters in Adventure and Experiential Education that is delivered in Marburg.

- Ghlac Noreen Henry, léachtóir ar an gclár ITS ag GMIT Chaisleán an Bharraigh, páirt sa rannóg Malairt Phraiticiúil ag comhdháil EdTech 2011 a tionóladh in WIT ar 1 & 2 Meitheamh. Ba é teideal na léachta ná “Videocasting for IT Training Assessment”.
 - Le deireanas d’fhoilsigh an Dr Seán Lysaght, léachtóir i Staidéar Oidhreachta ag GMIT Chaisleán an Bharraigh “Selected Poems” dá chuid le Gallery Press. Seoladh an foilseachán ar 7 Deireadh Fómhair 2010 ag léitheoireacht in The Creel, Cé Chathair na Mart mar chuid d’imeachtaí a bhí eagraithe d’Fhéile Ealaíne Chathair na Mart.
 - Chuir Yvonne McDermott, léachtóir i Staidéar Oidhreachta ag GMIT Chaisleán an Bharraigh, páipéar i láthair ag an 47ú Comhdháil a bhain leis an téama ‘Na Doiminiceánaigh in Éirinn’, a tionóladh ar 29-31 Deireadh Fómhair 2010 ag Mainistir Chnoc Naomh Seosamh, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann. Ba é ba theideal an pháipéir ‘Galway Dominican Friary: From Foundation to Demolition’.
 - Ar 19 Deireadh Fómhair 2010, chuir Yvonna McDermott, páipéar i láthair dar teideal ‘Observant Friary Architecture in the Connacht Burke Lordships’ ag siompóisian taighde ar an téama ‘Cultúr Ábhrach agus Athrú Sóisialta’ i Roinn na Seandálaíochta, NUI, Gaillimh.
 - Foilsíodh alt le Yvonne dar teideal ‘St Colman’s Church, Shrule’ in Cathair na Mart: Journal of the Westport Historical Society (2010), Uimh. 29.
 - Bhí Geraldine Murray, CR Altranais agus Eolaíochtaí Sláinte, mar chuid de Ghrúpa Náisiúnta Stiúrtha a bhí freagrach as comhdháil a eagrú mar aitheantas ar chomóradh céad bliain Florence Nightingale a tionóladh le déanaí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.
 - D’fhreastail Kevin O’Callaghan agus Stephen Hannon ón gclár Oideachas Allamuigh ar an gComhdháil Eorpach sa tSlóibhín ar an bhFoghlaim Eispéaraí Lasmuigh ó 22 go 25 Meán Fómhair 2010. Ba é teideal na comhdhála ná Encountering, Experiencing and Exploring Nature in Education. Bhí daoine i láthair ag an gcomhdháil as seacht dtír déag agus dá bhrí sin a cuireadh deis mhaith ar fáil le haghaidh líonraithe agus roinnt saincheisteanna a iniúchadh a raibh réimse an oideachais allamuigh ag teacht orthu agus á fhorbairt i dtíortha eile. Chuir Kevin páipéar i láthair bunaithe ar eiseamláir den oideachas rianadóireachta a ndearna sé piolótú air i gceantar na Gaillimhe, agus rinne Stephen cur i láthair póstaer ar oideachas agus thaighde allamuigh in GMIT.
 - Noreen Henry, lecturer on the ITS programme at GMIT Castlebar Campus, participated in the Practical Exchange section at the EdTech 2011 conference held in WIT on June 1st & 2nd. The title of the presentation was “Videocasting for IT Training Assessment”.
 - Dr Seán Lysaght, lecturer in Heritage Studies at GMIT Castlebar Campus has recently published his “Selected Poems” by Gallery Press. The publication was launched on 7 October 2010 at a reading in The Creel, Westport Quay as part of events organised for the Westport Arts Festival.
 - Yvonne McDermott, lecturer in Heritage Studies at GMIT Castlebar Campus, presented a paper at the 47th Conference which was on the theme ‘the Dominicans in Medieval Ireland’, held 29th-31st October 2010 at Mount Saint Joseph Abbey, Roscrea, Co. Tipperary. The paper was entitled ‘Galway Dominican Friary: From Foundation to Demolition’.
- On 19th October 2010, Yvonne McDermott, presented a paper entitled ‘Observant Friary Architecture in the Connacht Burke Lordships’ at a research symposium on a theme of ‘Material Culture and Social Change’ in the Department of Archaeology, NUI Galway.
- Yvonne also had an article entitled ‘St Colman’s Church, Shrule’ published in *Cathairna Mart: Journal of the Westport Historical Society* (2010), No. 29.
- Geraldine Murray, HOD Nursing and Health Sciences, was part of a National Steering Group responsible for organising a conference in recognition of the centenary of Florence Nightingale held recently in Dublin Castle.
- Kevin O’Callaghan and Stephen Hannon from the Outdoor Education programme attended the European Outdoor Experiential Learning Conference in Slovenia from 22 to 25 September 2010. The title of the conference was Encountering, Experiencing and Exploring Nature in Education. The conference was attended by representatives from 17 countries, and hence provided a useful opportunity to network and explore some issues that the field of outdoor learning was both encountering and developing in other countries. Kevin presented a paper based on an orienteering teaching model that he piloted in a secondary school in the Galway area, while Stephen had a poster presentation on outdoor education and research in GMIT.

- Chuir John Scahill, léachtóir i dTeicneolaíocht Ailtireachta ag GMIT Chaisleán an Bharraigh, críoch le cúrsa ar Dhearadh Tí Éigniomaigh i Meitheamh 2010 agus is “Dearthóir Teastasaithe Tí Éigniomaigh” anois é. Ba é Acadamh Teach Éigniomhach na hÉireann a reáchtáil an cúrsa agus tá an clár agus na scrúduithe arna ndeimhniú agus arna gcur ag Institiúid Theach Éigniomhach na Gearmáine.
- D’fhoilsigh Fiona White, léachtóir i Staidéar Oidhreachta ag GMIT Chaisleán an Bharraigh, alt dar teideal ‘Lough Carra, Co. Mayo: The Medieval and Post-Medieval Settlement’ in Cathair na Mart: Journal of the Westport Historical Society (2010), Uimh. 29.
- Chuir Fiona White páipéar i láthair ag an ‘Fifth International George Moore Conference’ ar “Moore Hall during the Famine 1830 to 1850” a tionóladh ag NUIG ó 3 go 6 Meitheamh 2011.
- Thaistil Anne Wiseman (Staidéar Foirgníochta) agus Pauline Jordan (Oideachas Allamuigh) ó GMIT Chaisleán an Bharraigh go dtí Ollscoil Manchester chun freastal ar chúrsa Oiliúna Maoirseora trí lá i dTeagasc Comhlántach agus Seisiúin Staidéir Phiara-chuidithe. Chuir an clár oiliúint chuimsitheach ar fáil agus chuimsigh gach gné de na cláir PAL a bhaineann le cur i ngníomh, bainistiú leanúnach agus measúnú.

Éachtaí Neacha Léinn

- Bhuaigh club Cadhcála GMIT Chaisleán an Bharraigh an chraobh náisiúnta nuair a ghnóthaigh siad an comórtas Kayak Polo ag Cadhcáil na nOllscoileanna i gCorcaigh ar an deireadh seachtaine 19/20 Feabhra 2011.
- Bhí James Mitchell, Leas-Uachtarán Aontas na Neach Léinn, GMIT Chaisleán an Bharraigh, ina chomhúdar ar “Mental Health Strategy 2010-2013” d’institiúidí tríú leibhéal a d’fhoilsigh USI (Aontas Neach Léinn na hÉireann).
- John Scahill, lecturer in Architectural Technology at GMIT Castlebar, completed a course on Passive House Design in June 2010 and is now a “Certified Passive House Designer”. The course was run by the Irish Passive House Academy and the programme and exams are certified and set by the Passive House Institute in Germany.
- Fiona White, lecturer in Heritage Studies at GMIT Castlebar, had an article entitled ‘Lough Carra, Co. Mayo: The Medieval and Post-Medieval Settlement’ published in (2010), No. 29.
- Fiona White, presented a paper at ‘The Fifth International George Moore Conference’ on “Moore Hall during the Famine 1830 to 1850” held at NUIG from 3rd to 6th June 2011.
- Anne Wiseman (Construction Studies) and Pauline Jordan (Outdoor Education) from GMIT Castlebar Campus, travelled to Manchester University to attend a three-day Supervisor Training course in Supplemental Instruction and Peer Assisted Study Sessions. The programme provided comprehensive training, which covered all aspects of PAL programmes relating to the implementation, ongoing management and evaluation.

Student Achievements

- GMIT Castlebar Kayak club were crowned national champions when they won the Kayak Polo competition at the Kayaking Intervarsities in Cork on the weekend of 19/20 February 2011.
- James Mitchell, SU Vice-President, GMIT Castlebar Campus, became co-author of “Mental Health Strategy 2010-2013” for third level institutes published by USI (Union of Students in Ireland).

Scoil na nDaonnachtaí

Éachtaí Foirne

- **An Dr Seamus McGuinness, Cluain Mhuire, Gaillimh**
Gníomhaíocht Taighde: taispeántais, léachtaí, comhráite poiblí agus oiliúint.

Taispeántais

DF – 2010	TWOS, O'Connor Gallery, Dominican University, Chicago, SAM
Samh 2010	<i>Lost Portraits</i> , Lárionad Comhdhála Stormont, Béal Feirste
Lún 2011	<i>Lost Childhoods</i> – Scoil Samhraidh Merriman, Lios Dún Bhearna, Co. an Chláir
Lún 2011	<i>Handing Back/Repossessing</i> – Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath

Léachtaí agus comhráite poiblí

MF 2010	<i>Conversations and Journeys through Loss</i> – 13ú Siompóisiam Eorpach ar an bhFéinmharú agus Impráíocht Fhéinmharfach, Angelicum, An Róimh, An Iodáil
DF 2010	<i>A journey through loss</i> tugtha don Chomhchoiste ar Shláinte agus Leanai, Oireachtas, Dáil Éireann, Baile Átha Cliath
Samh 2010	<i>Lived Lives: The Individual Behind the Clinical Statistics: Suicide Prevention – What Works?</i> Comhdháil, Lárionad Comhdhála Stormont, Béal Feirste
Meith 2011	<i>Fragility and Empathy</i> , School of Art Institute, Chicago, SAM
Lún 2011	<i>Diversity in Art and Science</i> : Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann, Baile Átha Cliath

- **Deirdre O'Mahony Léachtóir**

Gradaim/Cónaitheachtaí/Coimisiúin

2011	Maoiniú Tionscadail do <i>Abridged 0 – 20: Abandoned Clare</i> . Ón gComhairle Ealaíon
2010	Sparánacht Amharcealaíon, An Chomhairle Ealaíon, Éire

Páipéir a Foilsíodh agus Láithreoireachtaí Comhdhála

New Ecologies between Rural Life and Visual Culture in the West of Ireland: History, Context, Position, and Art Practice. Cur i láthair comhdhála don seisiún poiblí den Dialóg ar an Ealaín *From the Ground Up: Public Art and Community*, do Chomhdháil an College Art Association Nua Eabhrac.

School of Humanities

Staff Achievements

- **Dr Seamus McGuinness, Cluain Mhuire, Galway**
Research Activity: exhibition lectures, public conversations and training.

Exhibitions

Oct 2010	TWOS, O Connor Gallery, Dominican University, Chicago, USA.
Nov 2010	<i>Lost Portraits</i> , Stormont Conference Centre, Belfast.
Aug 2011	<i>Lost Childhoods</i> – Merriman Summer School, Lisdoonvarna, Co. Clare <i>Handing Back/ Repossessing</i> Royal College of Physicians, Kildare St., Dublin.

Lectures and public conversations

Sept 2010	<i>Conversations and Journeys through Loss</i> – 13th European Symposium on Suicide and Suicide Behaviour Angelicum, Rome, Italy.
Oct 2010	A journey <i>through Loss</i> delivered to The Joint Committee on Health and Children, Oireachtas, Dail Eireann, Dublin.
Nov 2010	<i>Lived Lives: The Individual Behind the Clinical Statistics: Suicide Prevention – What Works?</i> Conference, Stormont Conference Centre, Belfast.
June 2011	<i>Fragility of Empathy</i> . School of Art Institute, Chicago, USA.
Aug 2011	<i>Diversity in Art and Science</i> : Royal College of Physicians Ireland. Dublin

- **Deirdre O'Mahony Lecturer**

Awards/Residencies/Commissions

2011	Project Funding for the <i>Abridged 0–20: Abandoned Clare</i> . From the Arts Council/ An Chomhairle Ealaíonn.
2010	Visual Arts Bursary, the Arts Council/An Chomhairle Ealaíonn, Ireland.

Published Papers and Conference Presentations:

New Ecologies Between Rural Life and Visual Culture in the West of Ireland: History, Context, Position, and Art Practice. Conference presentation for Public Art Dialogue session *From the Ground Up: Public Art and Community*, for the College Art Association Conference New York.

- **Doiciméadach Labhartha: Airgeadas, Foirm & Todhchaí**
I nDeireadh Fómhair 2010, d'ostaigh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, a cuid comhpháirtithe Lárionad Scannáin na Gaillimhe agus páirtithe leasmhara tionscail MEDIA Antenna seimineár dhá lá, **Talking Documentary: Finance, Form & Future**. Bhí Celine Curtin, Cathaoirleach Cláir do Scannán & Teilifís ar cheann de na príomhnuálaithe ba chúis leis an ócáid seo.

Roinneadh an seimineár i roinnt seisiún a rinne iniúchadh ar ghnéithe difriúla de dhéanamh doiciméadach, ar nós: Cá bhfuil triail an Doiciméadaigh? An é Gnéchlár na Todhchaí é nó an í an réaltacht an Teilifís? Ar na haíonna bhí an stiúrthóir a ainmníodh do Oscar, Anders Østergaard (*Burma VJ*), Buaiteoir Emmy Geoffrey Smith (*The English Surgeon*), Richie O'Donnell (*The Pipe*) agus Donal Haughey (Hawkeye Films & Léachtóir ar an Doiciméadach, GMIT).

